An
Bord
Pleanála

# Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2020



# Misean

**Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaon, éifeachtach agus oscailte le cinntiú go luífidh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.**

# Sainordú

**Bunaíodh an Bord Pleanála i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 agus is air atá an cúram as achomhairc a chinneadh agus gnóthaí eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2020 agus as iarratais dhíreacha ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Tithíochta Straitéisí a chinneadh.**

**Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údaráis áitiúla agus údaráis eile faoi na hachtacháin éagsúla. s é an Bord Pleanála, leis, a chinneann achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Rialú Foirgníochta.**

# Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2020

**Chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**

**De réir na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú), cuireann an Bord Pleanála leis seo a Thuarascáil agus a Chuntais Bhliantúla don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 i láthair.**



**Dave Walsh**
Cathaoirleach



**Bríd Hill**
Príomhoifigeach

**30 Meitheamh 2021**

# Achoimre 2020

| Oibríochtaí | 2020 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|
| Cásanna Pleanála Faighte | 2,753 | | 2,938 | |
| Cásanna Pleanála Diúscartha | 2,628 | | 2,971 | |
| Oibríochtaí | Faighte | Diúscartha | Faighte | Diúscartha |
| Gnáthachomhairc Phleanála | 1,956 | 1,887 | 2,076 | 2,115 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Aonáin Phríobháideacha / Gealltóirí Reachtúla): Gach cás | 74 | 66 | 55 | 60 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Údarás Áitiúil) | 20 | 18 | 20 | 28 |
| Tionscadail Eile Údaráis Áitiúil[1] | 118 | 78 | 100 | 111 |
| Iarratais ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí | 120 | 137 | 128 | 91 |
| Tobhach Láithreán Folamh | 45 | 47 | 90 | 112 |
| Cineálacha Cásanna Eile | 420 | 395 | 469 | 454 |

| Airgeadas | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Ioncam | € | € |
| Deontas Oireachtais | 19,244,341 | 18,623,812 |
| Táillí / Aisíocaíocht | 6,778,479 | 6,388,160 |
| Eile[2] | 2,868,103 | 3,397,460 |
| Ioncam Iomlán | 28,890,923 | 28,409,432 |
| Caiteachas | 31,534,701 | 25,391,149 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh Leithreasa | (2,643,778) | 3,018,283 |
| Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil | 105,037 | (241,543) |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain tar éis leithreasa | (2,538,741) | 2,776,740 |

1 Measúnú Oiriúnachta san áireamh
2 Áirítear ann Glanchistiú Pinsin Iarchurtha, Ús Taisce agus Ioncam Ilghnéitheach.

# In Amharc Amháin 2020

**Cásanna Pleanála a Fuarthas:**
**2753**




**Cásanna Pleanála a Fuarthas:**
**2628**



**Gnáthachomhairc Phleanála Faighte:**
**1956**


**Gnáthachomhairc Phleanála Diúscartha:**
**1887**





**Forbairtí Bonneagair Straitéisigh Diúscartha:**
**137**

**Forbairtí Bonneagair Straitéisigh Diúscartha:**
**84**



Gheofar staitisticí mionsonraithe ag **www.pleanala.ie**

# Clár


## Achoimre 2020 — 4
## In Amharc Amháin 2020 — 5
## Ráiteas an Chathaoirligh — 9

## 01. Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála — 14
Gach Cás Pleanála — 15
Achomhairc phleanála — 17
Forbairt Tithíochta Straitéisí — 22
Forbairt Bonneagair Straitéisigh — 26
Cineálacha Cásanna Suntasacha Eile — 28
Éisteachtaí ó Bhéal — 30
Tuarascálacha agus Moltaí — 31

## 02. Gnóthaí Corparáideacha — 32
Imeachtaí Dlí — 33
Acmhainní daonna — 34
Straitéis TFC a Chur i bhFeidhm — 35
Cumarsáid — 35
Éifeachtúlacht Fuinnimh — 38

## 03. Gnóthaí Rialachais — 40
Comhaltaí an Bhoird — 41
Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú — 42
Bainistíocht Riosca — 42
Soláthar — 42
Íocaíochtaí Prasa — 43
Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí (GDPR) — 44
Comhionannas Earnála Poiblí agus Dínit Chearta an Duine — 44
Eitic in Oifig Phoiblí — 44

## 04. Tuarascáil Rialachais & Ráitis Airgeadais 46

Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 47
Ráiteas Comhlíonta 52
Ráiteas ar an Rialú Inmheánach 53
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe 56
Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach 57
Ráiteas ar an Staid Airgeadais 58
Ráiteas ar na Sreafaí Airgid 59
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 60

## Aguisíní 84

Aguisín 1 85
Aguisín 2 86
Aguisín 3 88



# Ráiteas an Chathaoirligh

*Ba bhliain an-dúshlánach í 2020 don Bhord Pleanála mar a bhí sé do go leor eagraíochtaí eile agus don tsochaí i gcoitinne, agus cuireadh isteach go mór ar ghnáthchleachtais saoil agus oibre mar gheall ar phaindéim Covid-19. In ainneoin an chur isteach seo, áfach, bhí an Bord in ann fanacht ar oscailt le haghaidh gnó, agus bhí an phleanáil ainmnithe mar sheirbhís riachtanach ag an Rialtas.*

Le comhoibriú agus dea-thoil ár bhfoirne, ár gcomhpháirtithe agus ár gcustaiméirí, bhíomar in ann leibhéal ard d'aschur cásanna a choinneáil agus muid ag oiriúnú ár gcleachtais chun roinnt seirbhísí ar líne, cruinnithe fíorúla agus patrúin oibre hibrideacha oifige / baile do gach ball foirne a chumasú le cinntiú gur chloíomar go hiomlán leis na riachtanais sláinte agus sábháilteachta chun gach duine a chosaint ar ionfhabhtú féideartha.

Ag breathnú siar ar 2020, agus srianta a bhain le Covid-19 go mór i bhfeidhm le linn cuid mhór di, agus go deimhin lean go leor de na tionchair isteach in 2021, táim thar a bheith bródúil as tiomantas agus iarrachtaí ár gcohórt foirne ar fad an seó a choinneáil ar an mbóthar trí chásanna a chur chun cinn agus a chinneadh, chomh maith le roinnt leasuithe agus gníomhartha lárnacha a sheachadadh faoinár bPlean Straitéiseach cúig bliana.  Is creidiúint don eagraíocht agus don chóras pleanála i gcoitinne é an athléimneacht agus an t-éiteas seirbhíse poiblí a léirigh siad le linn na n-amanna deacra seo, a d'aithin a thábhachtaí a bhí sé a chinntiú go leanfaí leis na hoibríochtaí i measc na srianta, na n-ábhar imní agus na héiginnteachta go léir a lean Covid-19.

## Feidhmíocht

Ag cur san áireamh an cur isteach ar fud na sochaí ón bpaindéim, chonaic an Bord titim bheag i líon foriomlán na gcásanna a taisceadh leis in 2020, agus fuarthas 2,753 cás san iomlán, síos 6% ar 2019. Mar an gcéanna, chinn an Bord 2,628 cás in 2020, rud ab ionann agus laghdú 12% ar iomlán na bliana roimhe sin.   Is féidir na laghduithe beaga seo i líon na gcásanna a chur go páirteach i leith thionchar an tsínte tréimhse ama a forchuireadh le hOrdú Rialtais i míonna Aibreáin agus Bealtaine, i bhfianaise na srianta suntasacha ar ghluaiseacht a forchuireadh ag an am, ach atosaíodh an ghníomhaíocht go gasta sna míonna ina dhiaidh sin agus d'fhill an iontógáil cásanna ar ghnáthleibhéal sa dara leath den bhliain.

Ba ionann agus 71% de na cásanna ar fad a fuarthas in 2020 (1,956 cás) achomhairc phleanála agus bhain dhá thrian nach mór de na hachomhairc ar fad le forbairtí cónaithe, sa scála ó leathnú ar thithe agus feabhsúcháin ar thithe aonair agus forbairtí ilaonad.

Tugann ráta comhlíonta na spriocthréimhse reachtúil 18 seachtaine chun gnáthachomhairc a chinneadh, agus an meán-am a thógann sé cásanna achomhairc a dhiúscairt léargas tábhachtach ar fheidhmíocht An Bhoird.

Mhéadaigh comhlíonadh na spriocthréimhse reachtúla 18 seachtaine ó 39% in 2018 agus 69% in 2019, agus go 76% in 2020, d'ainneoin thionchar Covid-19. Sáraíonn sé seo an spriocraon 60%-75% a shocraigh an Bord in Eanáir 2020, rud a léiríonn an tiomantas, an saineolas agus an obair foirne ar fud na heagraíochta ar fad chun leibhéil chomhlíonta chomh hard sin a choinneáil agus leanúint de sheirbhís den scoth a sholáthar i gcúinsí an-deacra.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin gurbh é 18.5 an meán-am chun déileáil le gnáthachomhairc phleanála, beagnach gan athrú ón 18.4 seachtaine a taifeadadh in 2019. Ciallaíonn sé seo gur cinneadh achomhairc phleanála ar an meán díreach laistigh de 3.5 lá de sprioc na tréimhse reachtúla. Is é an dúshlán anois an fheidhmíocht láidir seo a choimeád, agus féachaint ar shlite chun ár gcórais agus próisis a athchóiriú chun éifeachta tuilleadh.

## Tithíocht agus Bonneagar Straitéiseach

Chonacthas méadú substaintiúil in 2020 nuair a fuarthas 112 iarratas bailí ar thithíocht straitéiseach ar an mórscála a rinneadh díreach chuig an mBord, beagán níos lú ná an 119 iarratas a fuarthas sa bhliain roimhe sin. Mar sin féin, tháinig méadú suntasach ar na cásanna FTS a cinneadh le 126 iarratas cinnte (suas ó 82 in 2019). Cé gur diúltaíodh cead do 28 iarratas cheadaigh an Bord an 98 eile a chuimsigh os cionn 25,400 aonad nua cónaithe, idir thithe, árasáin, chóiríocht chomhroinnte agus chóiríocht do mhic léinn. Rinneadh gach cinneadh FTS laistigh den amlíne reachtúil 16 seachtaine (24 seachtaine áit ar tionóladh éisteacht ó bhéal).

I dteannta na n-aonad tithíocht a ceadaíodh in 2019, cuirfidh líon na dtithe nua a ceadaíodh in 2020 go mór le freastal ar na héilimh mhéadaitheacha fhoriomlána ar thithe nua mar a shainaithnítear i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais um Thithíocht agus Easpa Dídine – Atógáil na hÉireann. Ar ndóigh, is é ról an Bhoird Phleanála faoina fheidhmeanna reachtúla breithniú agus cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht suímh, dearaidh agus cúinsí pleanála eile do scéimeanna tithíochta den sórt sin ach is é ról thionscal na tógála agus a gcuid maoinitheoirí na ceadanna seo a ghníomhachtú agus na tithe agus árasáin nua a thógáil chun freastal ar an éileamh suntasach carnach ar thithe nua, go háirithe inár gcathracha agus inár mbailte móra, de réir phrionsabail agus chuspóirí an Chreata Pleanála Náisiúnta, na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha agus pleananna forbartha áitiúla. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfadh tionchar a bheith ag an méadú suntasach ar na hathbhreithnithe breithiúnacha a tionscnaíodh in aghaidh an Bhoird in 2020, go háirithe maidir le forbairtí tithíochta straitéisí, ar na hamlínte chun na forbairtí ceadaithe sin a réadú.

Maidir le hiarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, fuarthas 24 iarratas in 2020, síos beagán ar na 26 cás in 2019, agus cinneadh 19 cás FBS, i gcomparáid le 21 cás a cinneadh in 2019. Mar sin féin, mar léiriú ar an infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus an méadú ginearálta ar ghníomhaíocht eacnamaíoch le déanaí, fuair an Bord 50 iarratas ar chomhairliúcháin réamhiarratais le linn 2020, 12 níos mó ná a taisceadh in 2019, agus cinneadh 45 cás réamhiarratais le linn 2020.

Cé go raibh cur isteach ar éisteachtaí ó bhéal áirithe agus ar chruinnithe eile le linn na tréimhse reo pleanála agus ag eascairt as na srianta náisiúnta ar ghluaiseacht a cuireadh i bhfeidhm chun Covid-19 a choimeád faoi smacht, áfach, atheagraíodh agus tionóladh go leor díobh seo trí ardáin fhíorúla. I measc na mórthionscadal a ceadaíodh bhí roinnt feirmeacha gaoithe agus suiteálacha tionsclaíocha, chomh maith le Glasbhealach Chiarraí Theas, Glasbhealach Dhiméin Mhullach Íde agus tionscadail éagsúla FBS eile, lena n-áirítear forbairtí éagsúla bonneagair straitéisigh ag Port Bhaile Átha Cliath.

## Athrú ó bhun ar TFC

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar ár mórthionscadal um chlaochlú TF - Plean-IT - nuair a bunaíodh foireann forbartha intí chun tuilleadh feabhsuithe agus feidhmiúlachta a chur chun cinn laistigh den chóras. Cé gurb é an aidhm dheiridh iarratais agus achomhairc ar líne a éascú, ailínithe le tionscnamh r-Phleanála na n-údarás pleanála, bhíomar in ann dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt forbairtí tábhachtacha le linn 2020, mar shampla seoladh ár saoráide ar líne i mí na Samhna seo caite trína gcumasaítear tuairimí ar iarratais forbartha tithíochta straitéisí a chur isteach. Rinneadh dul chun cinn maidir le suíomh Gréasáin a bheadh níos inúsáidte agus níos faisnéisí a dhearadh, a seoladh in Aibreán 2021 agus táimid ag súil tuilleadh seirbhísí ar líne a chur ar fáil sula i bhfad.

## Focail bhuíochais

Uaireanta teastaíonn géarchéim agus brú chun go bhfeicfí an mianach atá i ndaoine. Is cinnte gur bliain ghéarchéime a bhí in 2020, agus cuireadh isteach go mór ar an saol laethúil, méadaíodh ar an imní faoinár sláinte féin agus faoi shláinte ár dteaghlaigh, ár gcairde agus ár gcomhghleacaithe. Ina theannta sin, b'éigean dul i dtaithí go gasta do bhealaí nua oibre agus rannpháirtíochta. In ainneoin na ndúshlán seo go léir, chuir athléimneacht agus cumas ár bhfoirne uile ar fud na heagraíochta ar ár gcumas oiriúnú agus oibriú chomh maith agus ab fhéidir linn, ag tacú lena chéile agus ag cur dearcadh dearfach in iúl. Is fianaise é ar éiteas seirbhíse poiblí agus ar choláisteacht na foirne agus an Bhoird an gealltanas dochreidte seo. Ba chóir dúinn uile a bheith bródúil as an gcaoi ar éirigh linn ár gcaighdeáin arda a choinneáil agus a mhéadú tuilleadh ó thaobh freastal ar an bpobal agus ár gcuid oibre a dhéanamh ar an tslí is éifeachtúla is féidir.

Cé go rabhamar in ann fáilte a chur roimh chúpla aghaidh nua isteach san eagraíocht le linn 2020, chonaiceamar roinnt dár bhfoireann ag bogadh ar aghaidh agus dúramar slán le Philip Jones, duine de bhaill an Bhoird, a chuaigh ar scor i Lúnasa tar éis gairmré fhada cháiliúil sa tseirbhís phoiblí. Cé nach rabhamar slán a rá leo ar an tslí thraidisiúnta, beidh an deis againn é sin a dhéanamh nuair a bheidh an saol ar ais mar a bhí.

Ar an drochuair, i 2020 cailleadh roinnt de chomhghleacaithe reatha agus d'iarchomhghleacaithe an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Paddy Keogh, iarchomhalta Boird agus cigire ar seirbhís, a fuair bás i mí Mheán Fómhair agus Sean Lucy, iar-Chathaoirleach ar an mBord, a cuireadh i mí Dheireadh Fómhair. Cé nach raibh go leor againn in ann ár meas a léiriú go pearsanta beidh cuimhne mhaith orthu as a dtiomantas gan staonadh agus as an méid a rinne siad ar son na heagraíochta agus as a gcairdeas buan.

Tá buíochas ag dul dár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, leis, agus go háirithe do Martin Higgins, cathaoirleach seachtrach ár gcoiste, a chríochnaigh a théarma sé bliana ar an gCoiste i mí na Nollag. Táimid buíoch freisin do Patricia Byron, ball seachtrach den choiste a ghlac ról an Chathaoirligh, agus do Terry Ó Niadh, Michelle Fagan agus John Connolly, comhaltaí den Bhord a bhí páirteach ar an gCoiste le linn 2020, as cuidiú leis an mBord a a fheidhm thábhachtach rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh.

Mar is gnách, braitheann an Bord Pleanála ar thacaíocht ón Roinn tuismitheora agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire agus lena oifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a gcuid tacaíocht ó cheann ceann na bliana. Maidir linn féin agus ag tarraingt ar an taithí fhorleathan atá againn ar gach cineál cás pleanála, leanfaimid ar aghaidh ag tacú leis an Roinn, le húdaráis phleanála agus le hOifig an Rialaitheora Pleanála ina gcuid oibre.




**Mr Dave Walsh,**
Cathaoirleach
**Dáta:** 30 Meitheamh 2021



# 01. Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála


- Gach Cás Pleanála
- Achomhairc phleanála
- Forbairt Bonneagair Straitéisigh
- Forbairt Tithíochta Straitéisí
- Cineálacha Eile Cásanna Suntasacha
- Éisteachtaí ó Bhéal
- Tuarascálacha agus Moltaí




# Gach Cás Pleanála

In 2020, thit líon na gcásanna pleanála a fuarthas de 6% go 2,753 anuas ó 2,938 in 2019 (Fíor 1). Ba é 2,628 líon na gcásanna a cinneadh in 2020, arb ionann é agus 12% de laghdú ar an mbliain roimhe (2,971). Faoi dheireadh na bliana, bhí 1,164 cás ar láimh, suas ó 1,039 in 2019.

## Fíor 1: Cásanna Faighte agus Diúscartha 2010-2020




## Fíor 2: Gach Cás Pleanála – Diúscartha in aghaidh na míosa 2019 v 2020




# Spriocthréimhsí Reachtúla chun Cásanna a Chinneadh

*Leagtar síos i bhforálacha na nAchtanna Pleanála, Rialú Tógála agus Truaillithe Uisce, agus sna Rialacháin a rinneadh faoi na hAchtanna seo, gur cuspóir é de chuid an Bhoird Phleanála a chinntiú go gcinntear achomhairc agus gnóthaí eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama. I bhformhór na gcásanna sin, is é 18 seachtaine an tréimhse; is é 4 mhí an tréimhse i gcásanna áirithe, agus i gcásanna eile fós níl aon spriocthréimhse reachtúil ama.*

In 2020 cinneadh 73% de chásanna laistigh den spriocthréimhse reachtúil i gcomparáid le 69% de chásanna in 2019 (Fíor 3).

**Fíor 3: Comhlíonadh na spriocthréimhse reachtúla 2010-2020**




## Diúscairt cásanna i seachtainí


Ba é 19 seachtaine meánlíon na seachtainí a thóg sé gach cás pleanála a chinneadh in 2020.

# Achomhairc phleanála

*Achomhairc phleanála ag éirí as cinntí ó údaráis phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt.*

Ba é 1,956 líon na n-achomharc pleanála a fuarthas in 2020 (71% de na cásanna uile), laghdú de 120 ar líon 2019 (2,076).

## Fíor 4: Achomhairc Phleanála – Glacadh agus Diúscairt




Bhí laghdú mór ar líon na n-achomharc a diúscraíodh in 2020 (1,887 i gcomparáid le 2,115 in 2019).

Ba ionann an chatagóir 'diúscartha ar shlí eile' agus cásanna a aistarrraingíodh, a bhí neamhbhailí nó a caitheadh amach agus 17% de na hachomhairc uile a fuarthas in 2020. Achomhairc neamhbhailí ab ea 191 den 313 chás sa chatagóir seo. Is achomhairc iad seo a dearbhaíodh mar achomhairc neamhbhailí de bhrí nár comhlíonadh critéir reachtúla áirithe, mar shampla, achomhairc dhéanacha, táillí míchearta, nó cúiseanna eile.

# Spriocthréimhsí Reachtúla

Faoi dheireadh na bliana, bhí an ráta comhlíonta imithe suas go 76% (Tábla 1). Ba é díreach 18.5 seachtaine an meánam a thóg sé achomhairc phleanála a chinneadh in 2020 (18 seachtaine in 2019).

**Tábla 1:Gnáthachomhairc Phleanála**


| Bliain | Meánlíon na Seachtainí | Ráta Comhlíonta (18 seachtaine) |
|---|---:|---:|
| 2015 | 15 | 83% |
| 2016 | 16 | 82% |
| 2017 | 17 | 64% |
| 2018 | 22 | 39% |
| 2019 | 18 | 69% |
| 2020 | 19 | 76% |



# Cineálacha Forbartha


Bhain 67% (1,303) de na hachomhairc uile a fuarthas in 2020 le forbairt chónaithe ó fheabhsúcháin tí go haonaid aonair agus ilaonaid chóiríochta (Fíor 5).

## Fíor 5: Achomhairc Phleanála faighte de réir Cineál Forbartha 2020



- 70 Talmhaíocht. Foraiseacht agus Iascach
- 47 Saoráidí Teaghlaigh
- 29 Oideachas agus Oiliúint
- 125 Fuinneamh agus Fóntais
- 47 Tionsclaíocht
- 85 Forbairt Mheasctha
- 33 Oifig
- 128 Caitheamh aimsire, Fóillíocht agus Fáilteachas
- 1303 Cónaitheach
- 66 Miondíola
- 23 Iompar
- 1956 Iomlán

- 112 Árasán / Árasán Dhá Urlár
- 24 Árasán Teaghlaigh / Seanóra
- 398 Feabhsúcháin Tí
- 229 Teach / Tithe Tuaithe
- 438 Teach / Tithe (i Ionnaíocht)
- 4 Scéim Tithíochta 100+
- 89 Scéim Tithíochta 30+
- 9 Cóiríocht amach ón gCampas do Mhic léinn (eile)
- 0 Cóiríocht do Thaistealaithe (eile)
- 1303 Iomlán



# Achomhairc Tús Áite

*Rangaítear catagóirí áirithe achomharc pleanála mar 'Achomhairc Thús Áite' chun iad a chur tríd an gcóras ar shlí níos tapúla.*


Is achomhairc iad sin a bhaineann le forbairtí móra tráchtála, tithíochta, oideachais agus cúram sláinte chomh maith le tionscadail shuntasacha bonneagair agus bíonn baint acu le beartas ábhartha rialtais ag am ar leith. Cuirtear san áireamh sa chatagóir seo, leis, achomhairc a bhaineann le Criosanna Forbartha Straitéiseacha.

I measc na gcásanna tús áite a cinneadh le linn 2020 tá: leasuithe ar an Rúidbhealach Comhthreomhar Thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath; foirgneamh taighde oideachais agus eolaíochta ag Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2; lárionad sonraí i Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath; forbairt mhór tráchtála/chónaithe mheasctha i mBaile Átha Cliath 12; ionad imeachtaí ag seanláithreán Beamish agus Crawford i gCathair Chorcaí; monarcha déantúsaíochta cáise i gContae Chill Chainnigh; áiseanna breise suntasacha ag monarcha próiseála bainne gar d'Achadh an Iúir, Contae an Chabháin; agus feirm ghaoithe mhór i gCill Dara Thuaidh. Diúltaíodh cead le haghaidh oibreacha creimthe cósta ag An Dún Beag, Contae an Chláir

# Achomhairc Thithíochta

Laghdaigh líon na n-achomharc ar fhorbairtí tithíochta il-urlár: fuarthas 68 chás de 30+ aonad in 2019, i gcomparáid le 93 in 2020. In 2020, diúscraíodh 90 achomharc maidir le haonad tithíochta de 30+ (5 maidir le haonaid de 100+). Áiríodh ar an gcatagóir sin forbairt de bhreis is 100 aonad cónaithe a chuirtear isteach de ghnáth anois mar iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta.

**Fíor 6: Achomhairc Thithíochta Faighte (30+ aonad)**



# Criosanna Forbartha Straitéisí

*Is limistéar é Crios Forbartha Straitéisí a mbeartaítear forbairt a bhfuil tábhacht eacnamaíoch nó sóisialta léi don Stát a dhéanamh ann. Tar éis don Rialtas an t-ainmniúchán sin a shocrú, molann an ghníomhaireacht forbartha lena mbaineann dréachtscéim pleanála don Chrios agus cinneann an t-údarás pleanála maidir leis an gcrios sin an scéim. Is féidir dréachtscéimeanna pleanála (agus leasuithe) a achomharc chuig an mBord Pleanála.*

In 2020 cheadaigh an Bord mionleasú ar Scéim Pleanála Choill na Silíní maidir le soláthar páirceála do charranna agus dhiúltaigh sé leasú a cheadú ar Scéim Pleanála na Lotaí Thuaidh agus na Canála Móire ag eascairt chun trasnú droichid ar Abhainn na Life a athshuí.

# Achomhairc de réir ceantair

In 2020 rinne údaráis phleanála 27,321 cinneadh ar achomharcadh 1,956 (nó 7%) díobh chuig an mBord Pleanála (5.6% in 2019).

Ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Fhine Gall faoi seach (16.1%, 16% agus 14.4%) a bhí na rátaí ab airde cinntí achomharctha. Ag Comhairle Contae Dhún na nGall a bhí an ráta achomhairc ab ísle, ag 2.6%.

**Tábla 2: Achomhairc Phleanála Faighte de réir Ceantair**

| Údarás Phleanála | Líon na gcinntí údarás pleanála a achomharcadh | Céatadán na gcinntí údarás pleanála a achomharcadh |
|---|---|---|
| Gach údarás pleanála | **1956** | **7.20%** |
| Co. Ca. Bhaile Átha Cliath | **369** | **16.10%** |
| Co. Co. Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin | **177** | **16.00%** |
| Co. Co. Fhine Gall | **154** | **14.40%** |
| Co. Ca.na Gaillimhe | **42** | **13.50%** |

Gheofar tábla de na hachomhairc phleanála a fuarthas agus a cinneadh de réir ceantair in Aguisín 2.

# Forbairt Bonneagair Straitéisigh

## Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe, déantar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh bheartaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, go díreach chuig an mBord Pleanála.


Rinneadh foráil san Acht Pleanála agus Forbartha (Bonneagar Straitéiseach) 2006 d'iarratais dhíreacha ar fhorbairt bonneagair straitéisigh phoiblí agus phríobháidigh chuig an mBord Pleanála.

## Aonáin Phríobháideachta/Gealltóirí Reachtúla (Iarratais Phríobháideacha)

Déanann aonáin phríobháideacha agus gnóthairí reachtúla agus údaráis áitiúla iarratais ar fhorbairtí bonneagair straitéiseacha go díreach chuig an mBord Pleanála. Baineann na feidhmchláir seo le forbairtí mórscála a chuimsíonn bonneagar fuinnimh, iompair, comhshaoil agus sláinte. Fuarthas ceithre iarratas déag in 2020 agus le cás athghníomhachtaithe amháin eile tugadh líon na n-iarratas go 135 ó tháinig na forálacha reachtacha i bhfeidhm in 2007.

**Fíor 7: Miondealú ar na hiarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a fuarthas in 2020**

- 70 **Forbairt 7ú Sceideal**
- 45 **Traschur Leictreachais**
- 11 **Bonneagar Strait. Gáis**
- 8 **Bonneagar Iarnróid**
- 1 **Forbairt Stáit**



Ba é 17% an ráta comhlíonta leis an spriocthréimhse reachtúil ábhartha i ndáil le cinntí sa chatagóir cásanna seo in 2020, a léiríonn a chasta atá siad agus an t-am breise is gá go minic chun éisteachtaí a sheoladh agus tuilleadh eolais a iarraidh agus a bhreithniú.

Le linn 2020, tugadh 3 iarratas ar fhorbairt bonneagair straitéisigh phríobháideacha agus 8 gcás leictreachais mar aon le Forbairt Stáit amháin chun críche mar seo a leanas:

| Tábla 3: Iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a tugadh chun críche 2020 | |
|---|---|
| Méadú ar ábhar dramhaíola ag Saoráid Bainistíochta Dramhaíola An Droichid, Cairbre, Co. Chill Dara. | **Cead a dhiúltú** |
| Fostáisiún leictreach 110kV ar an láthair agus eangach líne lasnairde 110kV ag Tigh Mochua Thoir, Co. Chill Dara. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Feirm ghaoithe de 24 uimhir tuirbín gaoithe, fostáisiún 110kV agus oibreacha gaolmhara, Feirm Ghaoithe Dhoire Fhada, Béal Átha Liag, Co. an Longfoirt. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Fostáisiún tarchuir 110kV lascthrealamh inslithe aeir, Damhliag, Co. na Mí | **Ceadú le coinníollacha** |
| Beart Ola 3 agus Beart 4, Scaird Ola an Oirthir ag Bearta 50A, 50N, 50S, 51, 51A, 49, 52, 53 agus clóis críochfoirt bhainteacha, lena n-áirítear lamairne Ro-Ro nua agus comhdhlúthú foirgneamh críochfoirt paisinéirí, Port Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 1 agus 3. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Fostáisiún leictreachais de chineál C 110 -V 4-bhá agus an bonneagar gaolmhar le ceangal leis an líne tharchuir 110kV atá ann cheana, An Tulach Mhór, Lios Tuathail, Co. Chiarraí. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Fostáisiún leictreachais de chineál C 110kV 4-bhá (le comhdhúil custaiméirí 33kV) chun nasc a dhéanamh le feirm gréine beartaithe agus freastal air ag An Tulaigh Bheag, Cam Eolaing, Co. Loch Garman. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Fostáisiún leictreach 110kV agus an bonneagar 110kV gaolmhar chun feirm ghréine a nascadh leis an líne lasnairde 110kV atá ann cheana, Baile Uachtair, Co. na hIarmhí. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Líne tarchuir 220kV agus fostáisiún lascthrealamh inslithe gáis (GIS) 220kV, Cruiserath, Co Bhaile Átha Cliath. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Fostáisiún 110kV le nasc greille líne lasnairde 110kV leis an líne tharchuir atá ann cheana ar an láithreán, Harristown, Caisleán Shiurdáin agus Clongall, Co. na Mí., Co. na Mí. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Fostáisiún Lascthrealamh Inslithe Gáis 110kV (GIS), cáblaí faoi thalamh, Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta IDA Bhaile Bhlainséir, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 | **Ceadú le coinníollacha** |
| Bonneagar Breatimeachta - struchtúir portacabin a shuiteail. Athdhromchlú agus cónascadh na gclós atá ann cheana. Páirceáil le haghaidh feithiclí earraí troma, gluaisteáin agus rothair, Port Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 3. | **Ceadú le coinníollacha** |

Sula gcuirtear iarratas isteach tá sé éigeantach comhairliú réamhiarratais a dhéanamh leis an mBord Pleanála (ach amháin i gcás údaráis áitiúla). In 2020, fuarthas 46 iarratas ar chomhairliú réamhiarratais i gcásanna forbairt bonneagair straitéisí, bhí 53 cruinniú ann agus tugadh 44 iarratas chun críche.

Den 44 iarratas a fuarthas, measadh 29 cinn díobh a bheith ina bhforbairt bonneagair straitéisí, nárbh amhlaidh i gcás 11 iarratas agus diúscraíodh 4 iarratas ar shlí éigin eile.

# Údaráis áitiúla

Fuarthas 7 n-iarratas ar bhonneagar straitéiseach (lena n-áirítear iarratais ghaolmhara ar cheannach éigeantach) ó údaráis áitiúla. In 2020, tugadh 7 n-iarratas chun críche mar seo a leanas:

**Tábla 4: Iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh (Údarás Áitiúil) a diúscraíodh in 2020**

| | |
|---|---|
| Ionad Cuairteoirí Sléibhe Bhaile Átha Cliath agus oibreacha gaolmhara, Baile Shéamais, Baile Átha Cliath Theas. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Glasbhealach Chiarraí Theas ina bhfuil féarbhealach 31.93 km a thógáil ar chonair na líne iarnróid tréigthe le codanna as líne á dtógáil ar thailte cóngaracha agus ar bhóithre áitiúla, Cathair Saidhbhín go Gleann Beithe, Co. Chiarraí. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Ordú Ceannaigh Éigeantach Ghlasbhealach Chiarraí Theas Uimh. 1, 2018 | **OCÉ le mionathruithe a dheimhniú** |
| Forbairt úsáid mheasctha ina bhfuil lárionad cultúrtha, foirgnimh chónaithe agus mhiondíola, balla farraige nua timpeall ar shuíomh reatha Ché na Tríonóide, muiríne snámh 64 beart, Cé na Tríonóide, Sráid na Tríonóide, Loch Garman. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Athfhorbairt ar an láithreán Ceoldrámaíochta, le tacú ó raon seirbhísí miondíola agus neamh-mhiondíola, athchóiriú ar fhoirgnimh chosanta atá ann cheana agus spás oscailte, Cathair Luimnigh. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Glasbhealach idir Diméin Mhullach Íde agus Diméin an Droichid Nua ar a dtabharfar ‘Slí an Mhóinéir Leathain’. | **Ceadú le coinníollacha** |
| Forbairt chónaithe le húsáidí coimhdeacha tráchtála (aonad miondíola, caifé agus créche) a chuimsíonn go páirteach scéim “Tógáil lena Ligean ar Cíos” ar circa 9.69 heicteár, An Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath. | **Ceadú le coinníollacha** |

## Ceannach Éigeantach


Tugadh 58 cás maidir le ceannach éigeantach chun críche in 2020. Rinneadh 31 cinneadh neamhfhoirmiúil, m.sh. nuair nach bhfuarthas aon agóidí i gcásanna Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. Den 27 cás a cinneadh go neamhfhoirmiúil, diúscraíodh 85% laistigh den spriocthréimhse reachtúil. Seo mar a tugadh na cásanna chun críche:

| **Tábla 5: Ceannach Éigeantach** | |
|---|---|
| Ceadaithe le mionathruithe | **2** |
| Ceadaithe gan mhionathrú | **18** |
| Curtha ar neamhní | **3** |
| Diúltaithe | **4** |
| Cinntí neamhfhoirmiúla | **31** |

## Measúnú Oiriúnachta

*Is éard is Measúnú Oiriúnachta ann measúnú ar an dochar nó an difríocht shuntasach a d'fhéadfadh plean nó tionscadal a dhéanamh d'iomláine suímh atá faoi chosaint ag Treoir an AE maidir le Gnáthóga. I gcás ina n-iarrtar Measúnú Oiriúnachta maidir le tionscadal údaráis áitiúil nó i gcás ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil gá le Measúnú Oiriúnachta, is é an Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil.*

Fuair an Bord Pleanála 21 chás Measúnú Oiriúnachta in 2020 agus tugadh 20 cás chun críche, Den 20 cás seo, ceadaíodh 13 gcinn, diúltaíodh 4 cinn agus cinneadh nár ghá Ráiteas Tionchair Natura i gceithre cinn eile.



# Forbairt Tithíochta Straitéisí

*Déantar foráil san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 (a leasaíodh leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018) go gcaithfear iarratais áirithe ar fhorbairtí straitéiseacha tithíochta (100 teach nó níos mó nó 200 spás leapa i gcás cóiríocht do mhic léinn nó 200 spás leapa nó níos mó i gcás aonad cóiríochta comhroinnte) a dhéanamh go díreach leis an mBord Pleanála.*


I gcaitheamh 2017, bhunaigh An Bord Pleanála Aonad um Fhorbairt Tithíochta Straitéisí agus rannán nua den Bhord (mar ba ghá faoin reachtaíocht) chun an fheidhm nua seo a chur i bhfeidhm agus na hiarratais seo a chinneadh.

## Iarratais

In 2020, fuair an Bord Pleanála 112 iarratas bailí ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí. I gcaitheamh na bliana, tugadh 137 iarratas ar Thithíocht Straitéiseach chun críche agus rinne an Bord cinneadh foirmiúil ar 126 iarratas. Rinneadh gach cinneadh ar iarratais FTS laistigh den tréimhse reachtúil (16 seachtaine nuair nár tionóladh aon éisteacht ó bhéal agus 24 seachtaine má tionóladh éisteacht ó bhéal). Ceadaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe 2016 éisteacht ó bhéal a thionól in iarratais FTS i gcás go bhfuil cás láidir ann d'éisteachtaí den sórt sin; reáchtáil an Bord Pleanála 4 éisteacht ó bhéal in iarratais FTS in 2020. Seo a leanas scaipeadh geografach na n-iarratas FTS bailí a cinneadh in 2020:

### Fíor 8: Scaipeadh Geografach na nIarratas FTS a cinneadh 2020

- **12** Cathair agus Contae Chorcaí
- **5** Cathair na Gaillimhe
- **11** Co. Chill Dara
- **3** Co. Ca. & Co. Luimnigh
- **1** Co. Chill Chainnigh
- **1** Co. Laoise
- **3** Co. Lú
- **9** Co. na Mí
- **1** Co. Uíbh Fhailí
- **2** Co. Thiobraid Árann
- **1** Co. na nIarmhí
- **1** Co. Loch Garman
- **4** Co. Chill Mhantáin
- **72** Cathair agus Contae BÁC
  - **16** Dún Laoghaire - Ráth an Dúin
  - **29** Cathair Bhaile Átha Cliath
  - **15** Fine Gall
  - **12** BÁC Theas



De na 126 cinneadh sin, thug an Bord cead le coinníollacha in 98 gcás (78%) agus dhiúltaigh sé cead in 28 chás (22%). Faoi na 98 chinneadh sin, tugadh cead do 25,403 aonad cónaithe a raibh 5,908 díobh ina dtithe agus 19,495 ina n-árasáin (lena n-áirítear 3,631 árasán 'Tóg lena ligean ar cíos'). Ina theannta sin, tugadh cead do 774 spás leapa 'cóiríocht roinnte / comhchónaí' agus 2,301 spás leapa do mhic léinn.

**Tábla 6: Forbairtí Tithíochta Straitéisí - Iarratais 2020**

| | Ceadanna tugtha | Aonaid chónaithe | Spásanna leapa do mhic léinn | Spásanna Leapa i gcóiríocht chomhroinnte |
|---|---|---|---|---|
| 2020 | **98** | **25,403** | **2,301** | **774** |

## Comhairliúcháin réamh-iarratais

Sula gcuirtear iarratas isteach ar fhorbairt straitéiseach tithíochta, tá sé éigeantach faoin reachtaíocht FTS dul faoi phróiseas comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord Pleanála.

Próiseas 9 seachtaine é seo agus ag an deireadh eisítear 'Tuairim.'

In 2020, fuair an Bord Pleanála 167 iarratas bailí chun dul faoi chomhairliúcháin réamhiarratais agus eisíodh 151 tuairim. Ba ionann sin agus méadú ar ghníomhaíocht FTS ar an mbliain roimhe nuair a fuarthas 150 iarraitas bailí, agus nuair a eisíodh 148 tuairim.



# Cineálacha Cásanna Suntasacha Eile

## Tobhach Láithreán Folamh

*Foráiltear san Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 le haghaidh achomharc chuig an mBord Pleanála in aghaidh iontráil ar Chlár na Láithreán Folamh, nó in aghaidh an tobhaigh láithreán folamh nó an dá cheann.*

Fuarthas 45 achomharc in 2020, ar achomhairc bhailí iad 30 díobh.

I gcaitheamh na bliana, tugadh 47 gcás chun críche agus rinne an Bord cinneadh foirmiúil ar 32 chás agus diúscraíodh 15 chás ar shlí éigin eile.

| Tábla 7: Achomhairc a tugadh chun críche in aghaidh an Tobhaigh Láithreán Folamh | |
|---|---|
| Iontráil a dheimhniú ar an gclár | **19** |
| Iontráil a bhaint den chlár | **13** |
| Diúscartha ar shlí éigin eile | **15** |
| **Iomlán** | **47** |



# Tionscadail Leasa Choitinn

*Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil maidir le Tionscadail Leasa Choitinn faoi Rialachán 374/2013 na hEorpa ar Threoirlínte maidir le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach. Baineann seo le nósanna imeachta nua a thug an tAontas Eorpach isteach mar chabhair chun an próiseas toilithe do thionscadail fuinnimh tras-Eorpacha a athchóiriú chun feabhais, tionscadail atá i liosta tionscadal Aontais a ghlac an Coimisiún Eorpach.*

## Tionscadal Greenlink

I mí an Mheithimh 2020, chuir tionscnóir an tionscadail dréachtchomhad iarratais isteach don tionscadal ar a dtugtar Greenlink (idirnascaire na hÉireann - na Ríochta Aontaithe idir Loch Garman agus Pembroke, an Bhreatain Bheag: 1.9 ar Liosta an Aontais) faoi Airteagal 10 den Rialachán. Tar éis dó faisnéis fhorlíontach a chur isteach, ghlac an Bord Pleanála, ag gníomhú dó mar údarás inniúil, leis an iarratas a cuireadh isteach i mí na Nollag 2020. Foráiltear le Rialachán TLC nach rachaidh nós imeachta TLC um dheonú cead reachtúil, a chumhdaíonn an tréimhse ón dáta a nglactar leis an gcomhad iarratais a cuireadh isteach go dtí go ndéanfar an cinneadh cuimsitheach, thar bhliain agus sé mhí. Déantar foráil sa Rialachán maidir le síneadh a chur leis an teorainn ama ar bhonn cáis.

## Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh

Ar an 31 Eanáir 2020, glacadh an tionscadal ar a dtugtar an tIdirnascaire Ceilteach (Idirnascaire An Fhrainc – Éire idir La Martyre agus Cnoc Rátha, Co. Chorcaí: 1.6 ar Liosta an Aontais) isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna tar éis chinneadh údarás inniúil na RA mar a fhoráiltear le Rialachán TLC, i gcás dhá Bhallstát nó níos mó, go bhfeidhmeoidh dáta glactha an fhógra dheiridh ón údarás inniúil i dtrácht mar dháta thús an phróisis deonaithe ceada. Cheadaigh an Bord Pleanála, mar údarás inniúil, i mí Iúil 2020, an coincheap maidir le rannpháirtíocht an phobail a chuir EirGrid (tionscnóir an tionscadail) isteach in Aibreán 2020.

# Éisteachtaí ó Bhéal

*Is gnách déileáil le hachomhairc agus tarchuir ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe mar aon le cigireacht suímh a dhéanann Cigire arna gceapadh ag an mBord Pleanála. Is gnách éisteachtaí ó bhéal a thionól maidir le hiarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus i gcásanna eile atá casta agus / nó ar mhórscála. De ghnáth socraíonn an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal i gceantair áitiúil ina bhfuil forbairt beartaithe le gur féidir le páirtithe leasmhara, údaráis phleanála agus geallsealbhóirí bheith i láthair.*

Le linn 2020, tionóladh 19 éisteacht ó bhéal. Bhain 8 gcinn díobh seo le horduithe ceannaigh éigeantaigh, agus 7 gcinn le hiarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh agus cineálacha eile tionscadal údaráis áitiúil, agus bhain 2 cheann le forbairtí tithíochta straitéisí.

Níor tionóladh aon éisteacht ó bhéal i dtaca le cás achomhairc phleanála in 2020.

Cruinnithe fíorúla a bhí ann i ngach cás, de bharr COVID-19.

# Tuarascálacha agus Moltaí

*Déanann Bord an Bhoird Pleanála cinntí ar gach achomharc agus iarratas bailí de bhun tuarascálacha, lena n-áirítear moltaí a ullmhaíonn cigirí. Ceaptar cigirí seachtracha tuairiscithe i líon beag sainréimsí oibre ar nós cásanna Sábháilteacht Dóiteáin agus Rochtain Míchumais, nó mar speisialtóirí – mar shampla éiceolaithe, hidreolaithe – chun cuidiú leis an gcigire tuairiscithe inmheánach maidir le gnéithe ar leith de chásanna pleanála.*

Ullmhaíodh 2,081 tuarascáil cigire don Bhord in 2020, laghdú ar an 2,212 a ullmhaíodh in 2019. Cigirí inmheánacha a d'ullmhaigh an formhór 2,071 (2,184 in 2019). D'ullmhaigh cigirí seachtracha 10 dtuarascáil don Bhord in 2020 (28 tuarascáil in 2019).

In 2020, ghlac an Bord go ginearálta le 90% de na moltaí a rinne cigirí, mórán mar an gcéanna leis an nglacacht 89% in 2019.

## Cruinnithe den Bhord

Cuirtear Tuarascáil agus Moladh an Chigire ar fáil don Bhord dá gcinneadh in éineacht le comhad iomlán an cháis. Cinneann an Bord na cásanna i gcuóram ag cruinnithe den Bhord agus taifeadtar na cinntí i miontuairiscí an chruinniú sin den Bhord.



# 02. Gnóthaí Corparáideacha

- Imeachtaí Dlí
- Acmhainní daonna
- Straitéis TFC a Chur i bhFeidhm
- Cumarsáid
- Éifeachtúlacht Fuinnimh




# Imeachtaí Dlí

In 2020, tionscnaíodh 83 cás dlí maidir le cinntí agus nósanna imeachta an Bhoird.

Seachadadh 30 breithiúnas substainteach cúirte in 2020. Sheas 11 díobh sin le dlíthiúlacht an chinnidh ábhartha ón mBord agus rinneadh cinneadh i gcoinne an Bhoird i 19 acu. Ghéill an Bord do 13 dhúshlán dlí eile in 2020 nuair a ghlac sé leis go raibh locht dlíthiúil ábhartha ina phróiseas cinnteoireachta.

Tarraingíodh siar 8 gcás dlí in aghaidh an Bhoird in 2020.

## Fíor 9: Toradh Imeachtaí Dlí 2020




## Fíor 10: Toradh ar Chaingne Dlí a tugadh chun críche sa bhliain féilire lena mbaineann.

| Bliain | Cásanna Buaite | Cásanna Caillte Breithiúnas Cúirte | Cásanna Géillte | Cásanna Aistarraingthe |
|---|---|---|---|---|
| 2021* | 8 | 15 | 3 | 5 |
| 2020 | 11 | 19 | 13 | 8 |
| 2019 | 9 | 8 | 7 | 11 |
| 2018 | 13 | 2 | 10 | 16 |
| 2017 | 19 | 2 | 10 | 19 |
| **Iomlán** | **60** | **46** | **43** | **59** |

Baineann sciar mór den ualach cásanna athbhreithnithe breithiúnacha a bhaineann le cinntí an Bhoird Phleanála le hábhair chasta nós imeachta agus léirmhínithe a bhaineann le treoracha agus nósanna imeachta comhshaoil an AE a bhaineann le láimhseáil iarratas ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí.

Glactar leis gur géilleadh nó gur cailleadh líon níos mó cásanna den sórt sin i dtorthaí ar athbhreithnithe bhreithiúnacha le déanaí agus is toradh é seo ar chastacht mhéadaitheach na saincheisteanna dlí Eorpacha sin agus saincheisteanna nua a bhaineann leis an bpróiseas nua tithíochta straitéisí.

* Baineann Staitisticí le figiúir lár bliana amháin.


# Acmhainní Daonna

## Foireann agus Earcaíocht

Is mór ag an mBord saineolas gairmiúil, ionracas, tiomantas agus éiteas seirbhíse poiblí na gcomhaltaí agus na foirne. Aithníonn sé a thiomanta agus a dhíograisí atá siad do chuspóir an Bhoird seirbhísí ardchaighdeáin éifeachtacha a chur ar fáil dá gheallsealbhóirí. Tá an fhoireann agus baill an Bhoird le moladh as a dtiomantas ó thús deireadh Covid-19 d'oibríochtaí a choimeád ar siúl, as na bearta sábháilteachta láidre a cuireadh i bhfeidhm san oifig agus as oibriú chumaisc a chur ar fáil don fhoireann ar fad san éigeandáil seo as ar lean athrú bunúsach ar an modh oibre. Chinntigh a bhfreagrúlacht gur tharla a laghad cur isteach ar an eagraíocht agus ab fhéidir.

Bhí dúshláin ann in 2020 maidir le coinneáil foirne; tháinig 25 ball foirne nua isteach sa Bhord agus d'fhág 15 bhall, rud a léiríonn an staid eacnamaíoch ghinearálta i gcúrsaí fostaíochta. Níor cuireadh intéirneachtaí an tsamhraidh ar fáil do mhic léinn pleanála ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TU), nó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath mar a bhí, UCD agus UCC in 2020 mar gheall ar shrianta Covid ag an am.

Ba é 175.4 uaslíon na mball foirne a bhí fostaithe ó thús deireadh 2020 (168.2 in 2019). Ba é 168.2 coibhéis lánaimseartha meánlíon na mball foirne a bhí fostaithe ó thús deireadh 2020 (162.2 in 2019).



# Straitéis TFC a Chur i bhFeidhm

## Tionscadal Plean-ITt

Tá an dara céim den Straitéis TFC ar siúl faoi láthair. Fostaíodh foireann forbartha go hinmheánach chun an córas bainistíochta cásanna, atá i bhfeidhm ó bhí Deireadh Fómhair 2017 ann, a athchóiriú agus a fheabhsú. Cuimsíonn an obair a cuireadh i gcrích in 2020 agus R1 de 2021 seirbhís ar line do thuairimí ar thithíocht straitéiseach, slándáil fheabhsaithe córais agus feidhmiúlacht nua i bhfoirm "painéal sonraí cás".   Tá optamú á dhéanamh i gcónaí ag an mBord Pleanála ar an réiteach cásbhainistíochta trí fheabhsúcháin ailtireachta a chur i bhfeidhm agus chinntiú go mbeidh sé ullamh le haistriú go dtí an néal.

Seoladh an suíomh Gréasáin nua in Aibreán 2021 agus seolfar próiseas aiseolais ó chustaiméirí i mí Iúil 2021 agus cuirfear aiseolas san áireamh de bhrí gurb é an aidhm an láithreán gréasáin a fheabhsú agus a bhreisiú go leanúnach. Tá tuilleadh acmhainn  seirbhísí ar líne beartaithe do níos mó cineálacha cásanna agus cuirfear iad seo i bhfeidhm i Ráithe 3 agus Ráithe 4 de 2021.

# Cumarsáid

## Dul i gcomhairle le comhlachtaí eile

Tá sé d'oibleagáid ar an mBord Pleanála é féin a choimeád ar an eolas faoi bheartais comhlachtaí áirithe a bhfuil tionchar ag a bhfeidhmeanna ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Áirítear orthu siúd airí rialtais agus údaráis phleanála. In 2020 bhuail Bord Pleanála le geallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear an Coimisiún um Rialáil Fóntas, IWEA, agus Uisce Éireann.

## An Ghaeilge

Cuireann an Bord Pleanála fáilte roimh dhaoine a úsáideann an Ghaeilge ina gcuid gnó leis agus geallann an eagraíocht a oibleagáidí agus a ghealltanais i leith na Gaeilge, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, faoina Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí agus faoina Scéim Ghaeilge féin, a chomhlíonadh.



# Saoráil Faisnéise (SF) agus Teacht ar Eolas ar an gComhshaol (TEC)

Déantar foráil sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, san Acht um Shaoráil Faisnéise agus sna Rialacháin um Theacht ar Eolas ar an gComhshaol do theacht ar eolas áirithe ar oibríochtaí an Bhoird Pleanála.

Gheofar thíos mionsonraí gníomhaíochta in 2020:

| Tábla 8 Iarratais SF / AIE 2020 | SF | TEC |
|---|---|---|
| Idir lámha Tús | 1 | 2 |
| Iarratais faighte | 39 | 22 |
| Ceadaithe. Ceadaithe go páirteach | 26 | 17 |
| Aistarraingthe | 0 | 0 |
| Tarchurtha | 0 | 0 |
| Diúltaithe | 14 | 7 |
| Idir lámha Deireadh | 0 | 0 |

Ba é 1,066 líon na n-iarratas ar rochtain phoiblí ar chomhaid cás-oibre faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

# Ceisteanna ó Bhaill an Oireachtais

Tá socruithe ag an mBord Pleanála chun eolas a chur ar fáil do bhaill den Oireachtas ar iarratas. In 2020, fuarthas 18 gceist ó bhaill an Oireachtais. D'eisíomar freagra substainteach ar gach ceist laistigh den tréimhse freagartha 15 lá oibre. Foilsítear na freagraí ar cheisteanna ar bhonn ráithiúil ar ár suíomh gréasáin.


# Seirbhís do Chustaiméirí

Leagtar amach sa Chairt do Chustaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí atá foilsithe ar an láithreán gréasáin, gealltanais agus cuspóirí na heagraíochta i dtaca le hardchaighdeán seirbhíse a chur ar fáil do chustaiméirí. Gheofar sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí eolas ar an tslí le gearán a dhéanamh faoi chaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí.

In 2020, réitigh an tOifigeach Seirbhíse do Chustaiméirí ceist amháin ar an bhfón, agus tugadh freagraí ar 204 cumarsáid maidir le cásanna a cinneadh. Uaireanta bíonn níos mó ná topaic amháin faoi thrácht i gceist, mar shampla ceist ina d'iarrfaí léirmhíniú agus soiléiriú. Is é an forfheidhmiú an topaic is coitianta a tharraingítear anuas (91 ceist). Is éard is brí le forfheidhmiú go measann duine nach bhfuil l cinneadh an Bhoird á chur i bhfeidhm i gceart. Is gnó é seo do na húdaráis phleanála de bhrí nach bhfuil aon ról ag an mBord Pleanála i dtaca le gnóthaí forfheidhmiúcháin.

## Fíor 11: Freagraí ar Chomhfhreagras Iar-Chinnidh

| | |
|---|---|
| 91 | Forfheidhmiú |
| 2 | Costais |
| 21 | Léirmhíniú |
| 2 | Láimhsiú Ábhair ag an |
| 16 | Cinneadh Ceistíthe / Soiléiriú Iarrtha |
| 72 | Ilghnéitheach |
| 204 | Iomlán |





# Éifeachtúlacht Fuinnimh

*Mar chuid de Chlár Fuinnimh Earnála Poiblí Údaráis um Fhuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann (FFIÉ), geallann an Bord Pleanála éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú de 33% faoi 2020.*

**Tábla 9: Sonraí Fuinnimh 2020**

| | 2020 | Bonnlíne 2006-2008 | % athrú |
|---|---|---|---|
| Úsaid Fuinnimh | **434,400 kWh** | **742,877 kWh** | **-42%** |
| Astaíochtaí CO2 | **130,515 kg** | **457,941 kg** | **-72%** |

Sháraigh an Bord Pleanála a sprioc do chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2020 SEAI.

Mhéadaíomar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh faoi 5.4% in 2020 i gcomparáid le 2019. Fanann astaíochtaí CO2 go mór faoi bhun na sprice riachtanaí um laghdú.

Tá an foirgneamh i gcatagóir C3 na scéime rátála fuinnimh foirgnimh (BER), feabhsú ar ár rátáil D1 roimhe seo.

### I measc na mbeart a rinneadh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú in 2020 tá:

- Téitheoirí leictreacha a athsholáthar i bhforhallaí ardaitheora le samhlacha nua atá níos tíosaí ar fhuinneamh
- Iniúchadh iomlán ar amadóirí ar ghléasanna leictreacha ar fud an fhoirgnimh
- An chéad chéim de shoilsiú LED in oifigí plean oscailte

### I measc na mbeart atá beartaithe do 2021 tá::

- Tuilleadh soilsithe LED a shuiteáil in áiteanna oscailte oifige
- Na gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Fuinnimh Acmhainní (REAP) an Bhoird Phleanála a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm


## Tionscnamh Glas an Rialtais

Ag teacht le Tionscnamh Glas an Rialtais, ghlac an Bord Pleanála Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní (REAP) agus bunaíodh Foireann Glas le rannpháirtithe ó gach cearn den eagraíocht chun tionscnaimh ghlasa nua a aithint agus a chur chun cinn. In 2020. lean an Bord ag cur na ngníomhartha a leagtar amach sa REAP i bhfeidhm.



# 03. Gnóthaí Rialachais

- Comhaltaí an Bhoird
- Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Bainistíocht Riosca
- Soláthar
- Íocaíochtaí Prasa
- Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí (GDPR)
- Comhionannas Earnála Poiblí agus Dínit Chearta an Duine
- Eitic in Oifig Phoiblí



# Comhaltaí an Bhoird



**Dave Walsh** [2]
**Cathaoirleach:**
*30 Deireadh Fómhair 2018*



**Paul Hyde** [1]
**Gnáthchomhalta:** *1 Bealtaine 2014*
**Athcheaptha:** *1 Bealtaine 2019*
**Cathaoirleach Ionaid:**
*29 Eanáir 2019*



**Chris McGarry** [2]
**Gnáthchomhalta:**
*1 Feabhra 2019*



**Michelle Fagan** [1]
**Gnáthchomhalta:**
*12 Feabhra 2018*



**Terry Prendergast** [1]
**Gnáthchomhalta:**
*2 Lúnasa 2017*



**Terry Ó Niadh**
**Gnáthchomhalta:**
*4 Meán Fómhair 2017*



**Dr Maria FitzGerald** [2]
**Gnáthchomhalta:**
*10 Iúil 2017*



**John Connolly** [2]
**Gnáthchomhalta:**
*18 Meán Fómhair 2017*



**Stephen Bohan** [1]
**Gnáthchomhalta:**
*12 Meitheamh 2018*



**Philip Jones** [1 3]
**Gnáthchomhalta:**
*1 Bealtaine 2014*

1 Rannán Tithíochta Straitéisí
2 Rannán Bonneagair Straitéisigh
3 Chuaigh ar scor Lúnasa 2020

# Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Cuirtear san áireamh sa fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Geallann an Bord Pleanála a bheartais agus a nósanna imeachta rialachais a athbhreithniú go leanúnach agus oiliúint agus treoir chun dáta a fháil ionas go gcomhlíontar riachtanais an dea-chleachtais sa réimse seo.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord Pleanála ar a shocruithe agus a nósanna imeachta rialachais le cinntiú go bhfuil siad ailínithe go cuí le gach foráil ábhartha/ de Chód 2016. Tá an Bord Pleanála sásta go gcomhlíontar gach riachtanas ábhartha/infheidhme den chód.

# Bainistíocht Riosca

Tosaíochtaí is ea bainistíocht riosca agus struchtúir agus nósanna imeachta gaolmhara rialachais.
Tá beartas bainistithe riosca curtha i dtoll a chéile ag an mBord, ina leagtar amach a ghoile chun riosca agus an Clárleabhar Riosca Chorparáidigh (agus leasuithe a rinneadh air) i gcaitheamh na bliana.

# Soláthar

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an mBord Pleanála úsáid a bhaint as teagmhálaithe lárnacha atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus raon earraí agus seirbhísí coitianta á gceannach.

I gcás nach bhfuil aon teagmhálaí lárnach ar fáil, gníomhaíonn An Bord Pleanála de réir Threoirlínte Soláthair an AE.

In 2020, soláthraíodh na seirbhísí seo a leanas (os cionn €25,000) faoi chreataí a d'oibrigh an Oifig um Sholáthar Rialtais:

- Seirbhísí Comhairleachta d'Ailtire Forbróra Feidhmchlár (TFC)
- Seirbhísí Comhairleachta Forbróra Bogearraí (Comhtháthú) (TFC)
- Seirbhísí Comhairleachta Forbróir Bogearraí (Tosaigh)
- Seirbhísí Comhairleachta Forbróirí CRM (TFC)
- Seirbhísí Comhairleachta Bhainisteoir Tionscadail (TFC)
- Seirbhísí Comhairleachta Cibearshlándála (TFC)

De bhreis air sin, fuarthas seirbhísí Uasghrádú Bonneagair Líonra (TFC) tar éis comórtais oscailte agus fuarthas Seirbhísí Forbartha Suíomh Gréasáin (TFC) faoi nós imeachta srianta tar éis ceistneoir réamhcháilithe a eisiúint. Cealaíodh agus athsceidealaíodh tairiscint chun Seirbhísí Dlí a sholáthar agus níor bronnadh dámhachtain conartha maidir le tairiscint do Sheirbhísí Comhairleachta Forbróra Bogearraí (TFC).

# Íocaíochtaí Prasa

Tagann an Bord Pleanála faoi chuimsiú an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Tuairiscítear thíos ar na cleachtais íocaíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir alt 12 den Acht.

1. Is é beartas an Bhoird Phleanála forálacha ábhartha an Achta a chomhlíonadh agus, go háirithe, a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm a chuireann ar a chumas gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus déantar íocaíochtaí de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. In 2020 níor shocraigh ná níor aontaigh an Bord Pleanála aon tréimhsí íocaíochta lasmuigh de théarmaí an Achta.

2. Corpraíonn an córas rialaithe inmheánaigh cibé rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach. Cuimsíonn an córas seo rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire a dearadh chun a chinntiú go n-aithneofar sonraisc agus conarthaí le haghaidh íocaíochta laistigh de na tréimhsí íocaíochta a cheanglaítear leis an Acht. Cuirtear tuairiscí ar fáil a shainaithníonn sonraisc gan íoc agus déantar na tuarascálacha seo a athbhreithniú go rialta ar leibhéal na hardbhainistíochta.

3. Tá na nósanna imeachta dá dtagraítear ag 1 agus 2 thuas deartha chun dearbhú réasúnta ach ní dearbhú  amach is amach a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta, Tá an Bord Pleanála sásta gur oibrigh a nósanna imeachta go leordhóthanach ar an iomlán agus nach gá aon bheart ceartaitheach.

4. Ba é 0 lá an meántréimhse moille i dtaca le híocaíochtaí a dhéanamh tar éis an tréimhse reachtúil de 30 lá. Ó bhí 1 Eanáir 2021 ann níor tharla aon fhorbairt ábhartha ó thaobh chomhlíonadh an Achta fad a bhaineann sé leis an mBord Pleanála.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí déanacha in 2020. B’fhiú €8.14 milliún luach iomlán na n-íocaíochtaí.

# Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí (GDPR)

Tá reachtaíocht cosanta sonraí i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt don duine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Cuirtear mionteagasc ar gach ball foirne maidir lena n-oibleagáidí agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an mBord. I gcaitheamh 2020, fuair an Bord 7 n-iarratas cosanta sonraí agus eisíodh 10 bhfreagra.

# Comhionannas Earnála Poiblí agus Dínit Chearta an Duine

Ceanglaíonn Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí féachaint don mhéid seo a leanas agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu:

- Deireadh a chur le hidirdhealú;
- Comhionannas deise agus caitheamh comhionann a chur chun cinn leis an bhfoireann agus leis na daoine dá soláthraítear seirbhísí; agus
- Cearta na foirne agus úsáideoirí seirbhíse mar dhaoine a chosaint. Tháinig sé seo chun bheith ina fhócas ar leith le linn na paindéime toisc go raibh an dualgas cúraim don fhoireann níos ábhartha fós le linn Covid-19 - áiríodh ar na bearta oibriú cianda a chur ar fáil de réir a chéile, méadú ar bhearta sábháilteachta ar fud na hoifige agus breis tacaíochtaí meabhairshláinte do bhaill foirne.

Tá Oifigeach Rochtana ceaptha ag an mBord Pleanála chun teacht ar ár seirbhísí a éascú do gach ball den phobal a mhéad is réasúnta agus indéanta.

## Oiliúint

Cuirfear oiliúint maidir le héagsúlacht, comhionannas agus uilechuimsitheacht ar gach ball foirne agus ball den Bhord in 2021. Le linn 2021 déanfar beartais an Bhoird a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir na reachtaíochta reatha agus spiorad an chomhionannais agus an cheartais shóisialta.

Leanfaidh an Bord de cheiliúradh na héagsúlachta a chur chun cinn, ar nós Bród, Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus an tSeachtain um Aosú Dearfach.

## Earcaíocht

Cuirtear fógra chuig SOLAS, NDA agus Rehab i dtaobh comórtais oscailte earcaíochta do phoist ghinearálta.

# Eitic in Oifig Phoiblí

Tagann an Bord Pleanála faoi chuimsiú an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Nuair is gá tugann comhaltaí an Bhoird agus baill foirne ráitis maidir le sainleasanna chun forálacha an Achta a chomhlíonadh.



# 04. Tuarascáil Rialachais & Ráitis Airgeadais

- Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird
- Ráiteas Comhlíonta
- Ráiteas ar an Rialú Inmheánachl
- Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe
- Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach
- Ráiteas ar an Staid Airgeadais
- Ráiteas ar na Sreafaí Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



# Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh An Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976. Is ar an mBord Pleanála atá an cúram as achomhairc agus gnóthaí áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2020 agus as iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh, lena n-áirítear mórthograí bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údaráis áitiúla agus údaráis eile faoi na hachtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna eile ag an mBord Pleanála chun achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta a chinneadh.

Tá an Bord cuntasach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus as dea-rialachas corparáideach a chinntiú.. Is iad an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo an Bhoird Pleanála.

Ní mór don Chathaoirleach, Príomhoifigeach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo ginearálta straitéiseach a shocraíonn an Bord, agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí na heagraíochta, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Cathaoirleach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bainistíochta an Bhoird Pleanála.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna forálacha reachtúla sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2020 agus sa reachtaíocht ghaolmhar.

Ceaptar an Cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Bhoird i gcáil lánaimseartha agus ní cheadaítear dóibh aon phost ná fostaíocht íoctha eile a bheith acu. Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a shocraíonn leibhéil tuarastail an Chathaoirligh agus gnáthchomhaltaí an Bhoird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe..

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a gcion a dhéanamh chun cinntí tráthúla ar ardchaighdeán a sholáthar ar achomhairc agus ar iarratais phleanála agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas corparáideach na heagraíochta. Anuas ar chruinnithe laethúla chun cásobair phleanála a bhreithniú, bíonn cruinnithe míosúla ag an mBord maidir le maoirseacht agus rialachas an Bhoird Pleanála. Tá buanmhíreanna i bpáirt ag na Cruinnithe Ginearálta seo den Bhord:

- Tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Tuarascálacha bainistithe agus anailíse riosca
- Ceadú agus athbhreithniú ar bheartais chorparáideacha
- Ceadú agus monatóireacht a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúilApproval and monitoring of annual delivery plan
- Ceadú agus monatóireacht a dhéanamh ar an bplean bliantúil gnó

- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ón Iniúchadh Inmheánach
- Tuarascálacha bainistíochta ar ghnóthaí dlí
- Aon ábhar eile arb é an Bord a chinneann é

Ceanglaíonn Alt 150 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ar an mBord Pleanála Cód Cleachtais a ghlacadh maidir le déileáil le coimhlintí leasa agus muinín an phobail a chothú in iomláine na slí a sheoltar gnó an Bhoird. Tá an Cód a ghlac an Bord ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird. Ina theannta sin, comhlíonann forálacha an Chóid riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is é beartas an Bhoird Pleanála an luach is fearr is féidir a fháil ar airgead agus earraí agus seirbhísí á gceannach ar son na heagraíochta. Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an mBord Pleanála úsáid a bhaint as teagmhálaithe lárnacha atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSF) agus raon earraí agus seirbhísí coitianta á gceannach. I gcás nach bhfuil aon teagmhálaí lárnach ar fáil, gníomhaíonn an Bord Pleanála de réir Threoirlínte Soláthair an AE agus beartas agus prótacail inmheánacha an Bhoird Pleanála maidir le soláthar. Anuas ar sin, comhlíonann an Bord Pleanala riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Chód Leasaithe um Chaiteachas Poiblí maidir le caiteachas.

Ceanglaítear ar an mBord Pleanála, faoi Alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, gnáthchuntais chruinne a choimeád ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord Pleanála:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.Make judgements and estimates that are reasonable and prudent.
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh..
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé dá ghnó.
- A rá cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith, le cruinneas réasúnta, stádas airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Tá cúram ar an mBord as cothabháil agus iomláine gach eolais ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála maidir le haon ghnóthaí corparáideacha nó airgeadais.

An Bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a ullmhú. Rinneadh meastóireacht ag Cruinniú Ginearálta an Bhoird ar an 25 Feabhra 2021 ar fheidhmíocht an Bhoird Pleanála ó thaobh an phlean seachadta agus an bhuiséid bhliantúil maidir le 2020.

Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála léargas fírinneach cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus stádas airgeadais an Bhoird Pleanála amhail ar an 31 Nollaig 2020.

# Struchtúr an Bhoird

Foráiltear san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe, gur Cathaoirleach agus naonúr gnáthchomhaltaí a bheidh ar an mBord agus go gceapfar duine amháin acu ina Leaschathaoirleach. Seacht mbliana a mhairfidh téarma an Chathaoirligh agus is féidir an Cathaoirleach a athcheapadh don dara téarma nó do théarmaí dá éis ar choinníoll gur eisean/ise an cathaoirleach an uair a athcheapfar é nó í. Cúig bliana a mhairfidh téarma na ngnáthbhall (an Leaschathaoirleach san áireamh) agus is féidir na baill seo a athcheapadh don dara téarma nó do théarmaí dá éis ar choinníoll gur ball ag deireadh téarma an duine i dtrácht an uair a athcheapfar é nó í. I gcáil lánaimseartha a cheaptar baill an Bhoird. Gheofar sa tábla thíos sonraí thréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhaltaí den Bhord | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| **Dave Walsh** | Cathaoirleach | 30 Deireadh Fómhair 2018 |
| **Paul Hyde** | Gnáthchomhalta<br>Athcheapachán faofa le hiarratas a dhéanamh<br>Ceaptha ina Chathaoirleach Ionaid | 1 Bealtaine 2014<br>1 Bealtaine 2019<br>29 Eanáir 2019 |
| **An Dr Maria FitzGerald** | Gnáthchomhalta | 10 Iúil 2017 |
| **Terry Prendergast** | Gnáthchomhalta | 2 Lúnasa 2017 |
| **Terry Ó Niadh** | Gnáthchomhalta | 4 Meán Fómhair 2017 |
| **John Connolly** | Gnáthchomhalta | 18 Meán Fómhair 2017 |
| **Michelle Fagan** | Gnáthchomhalta<br>Athcheaptha | 12 Feabhra 2018<br>1 Eanáir 2020 |
| **Stephen Bohan** | Gnáthchomhalta<br>Athcheaptha | 12 Meitheamh 2018<br>1 Eanáir 2020 |
| **Chris McGarry** | Gnáthchomhalta | 1 Feabhra 2019 |

Ar an 25 Márta 2021, rinne an Bord féinmheasúnú ar a fheidhmíocht féin.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag an mBord ar a bhfuil beirt bhall den Bhord agus beirt bhall sheachtracha, duine amháin acu ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniuchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Scaiptear miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar chomhaltaí an Bhoird i ndiaidh gach cruinnithe agus cuireann Cathaoirleach an Choiste tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Choiste faoi bhráid an Bhoird.

Ba iad baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 1 Eanáir 2020: Martin Higgins (Cathaoirleach Seachtrach), Patricia Byron (comhalta seachtrach) agus comhaltaí Boird Michelle Fagan agus Terry Ó'Niadh.

Tháinig deireadh le téarma Martin Higgins ar an gCoiste ar an 11 Nollaig 2020 agus cheap Bord an Bhoird Pleanála Patricia Byron mar Chathaoirleach, le héifeacht ón 12 Nollaig 2020. Tháinig deireadh le téarma Terry Ó Niadh ar an gCoiste an 31 Deireadh Fómhair 2020. Ceapadh John Connolly (comhalta  Boird den Bhord Pleanála) ar an gCoiste le héifeacht ón 1 Samhain 2020. Ceithre chruinniú a bhí ag an gcoiste in 2020.

# Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Gheofar leagtha amach thíos sceideal tinrimh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2020:

| | Gnáthchruinnithe den Bhord | | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | |
|---|---|---|---|---|
| | A | B | A | B |
| Dave Walsh | 8 | 8 | | |
| Paul Hyde | 8 | 8 | | |
| Philip Jones [2] | 5 | 5 | | |
| Dr Maria FitzGerald | 8 | 6 | | |
| Terry Prendergast | 8 | 8 | | |
| Terry Ó Niadh [1] | 8 | 8 | 2 | 2 |
| John Connolly [1] | 8 | 7 | 2 | 2 |
| Michelle Fagan [1] | 8 | 8 | 4 | 4 |
| Stephen Bohan | 8 | 8 | | |
| Chris McGarry | 8 | 8 | | |

**A** Líon na gcruinnithe le linn tionacht gach comhalta den Bhord in 2020 (áirítear 1 SGBM air)

**B** Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu

[1] Comhalta den Bhord a bhí ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2020.

[2] Chuaigh sé ar scor Lúnasa 2020.

Ní íoctar aon táille le comhaltaí an bhoird agus nochtar costais a íocadh i Nóta 6(d) sna Ráitis Airgeadais.

# Príomhathruithe ar an bPearsanra

Chuaigh gnáthchomhalta amháin den Bhord (Philip Jones) ar scor i Lúnasa 2020.

## Nochtadh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá cúram ar an mBord as a chinntiú gur chomhlíon an Bord Pleanála riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Faoin gCód, is gá na nithe seo a leanas a nochtadh:

## Miondealú ar shochair fostaithe (comhaltaí an Bhoird san áireamh)

Nochtar an miondealú ar shochair fostaithe i Nóta 6 (e) leis na Ráitis Airgeadais.

# Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe gnó mar is gnách‘.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhairle dlí | 61,926 | 57,673 |
| Comhairle achtúireache | 5,166 | 3,321 |
| Sainchomhairleoireacht TFC | 13,845 | 20,775 |
| Tionscadal Plean-It | 913,342 | 568,346 |
| Acmhainní daonna | 10,423 | 8,399 |
| Feabhsú gnó | 0 | 7,089 |
| Eile | 61,619 | 45,881 |
| **Iomlán na gcostas sainchomhairleoireachta** | 1,066,321 | 711,484 |
| Costais chomhairleoireachta caipitlithe | 30,017 | 139,826 |
| Costais chomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Forchoimeádta Ioncaim | 1,036,304 | 571,658 |
| **Iomlán** | 1,066,321 | 711,484 |

# Costais dlí

Soláthraíonn an tábla thíos miondealú ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí. Cuimsíonn na costais seo costais dlí an Bhoird féin, go príomha d’ionadaíocht aturnae agus abhcóide i gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh os comhair na gcúirteanna uachtaracha agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus dliteanais costais a íoc as fo-chostais eile sna cásanna seo ina dtagann dliteanais den sórt sin chun cinn. mar thoradh ar phróiseas na Cúirte. Ní áirítear ar sin caiteachas a tabhaíodh ar chomhairle ghinearálta dlí a fuair an Bord Pleanála; nochtar é sin sna costais chomhairleoireachta thuas.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí dlí an Bhoird Pleanála - imeachtaí dlí | 4,328,653 | 1,607,353 |
| Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Costais dlí an taoibh eile - imeachtaí dlí | 3,877,891 | 1,783,218 |
| **Iomlán** | **8,206,544** | **3,390,571** |

# Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

Seo mar a aicmítear caiteachas ar thaisteal agus cothabháil:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Lóistín** | **€** | **€** |
| Intíre* | 187 | 3,447 |
| Fostaithe | 163,152 | 202,754 |
| Sainchomhairleoirí Pleanála | 8,893 | 1,639 |
| **Lóistín** | | |
| Bord | 0 | 576 |
| Fostaithe | 270 | 689 |
| **Iomlán** | **172,502** | **209,105** |

* áirítear air taisteal agus cothabháil de €187 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2020 (2019: €1,002).

# Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Fáilteachas foirne | 0 | 723 |
| Fáilteachas cliant | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **0** | **723** |

# Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 glactha ag an mBord.

Tá an Bord Pleanála sásta go gcomhlíontar gach riachtanas infheidhme den Chód.

Thar ceann an Bhoird Pleanála:

**Mr. Dave Walsh,**
Cathaoirleach
**Dáta: 24ú Meitheamh 2021**

**Mr. Paul Hyde,**
Cathaoirleach Ionaid
**24ú Meitheamh 2021**

# Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Phleanála, admhaím go bhfuil sé de fhreagracht ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm i gcónaí. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht seo riachtanais an Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú amach is amach, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus earráidí ábhartha agus mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a chomhlíonann an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Bhord Pleanála sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dáta cheadú na ráiteas airgeadais.

## An Cumas chun Riosca a Láimhsiú

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an mBord Pleanála, ar a bhfuil beirt chomhalta den Bhord agus beirt chomhaltaí sheachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus arb é an Cathaoirleach duine amháin díobh. Ceithre chruinniú a bhí ag an gCoiste sin in 2020.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an mBord Pleanála, leis, trí chomhairligh seachtracha a fhostú chun clár oibre, a aontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a sheoladh.

Tá beartas bainistithe riosca curtha i dtoll a chéile ag an mBord Pleanála, ina leagtar amach a ghoile chun riosca, an próiseas bainistithe riosca atá i bhfeidhm agus sonraí róil agus freagrachtaí foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas seo don fhoireann ar fad a mheastar a bheidh ag obair laistigh de bheartais bainistithe riosca an Bhoird Pleanála, chun foláireamh a thabhairt don bhainistíocht maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Pleanála trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun díriú orthu, agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí don Bhord Pleanála agus rinneadh iad sin a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil agus lár bliana.

Úsáidtear torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun féachaint chuige go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar an fhreagracht as oibriú na rialuithe do bhaill áirithe foirne. Deimhním go bhfuil na míreanna seo a leanas i bhfeidhm, mar chuid de thimpeallacht rialaithe:

- rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú i gcás gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus tá an chuntasacht ar leibhéal comhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséid ann le buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú i gcónaí ag an ardbhainistíocht,
- tá córais ann trína bhféachtar le slándáil na gcóras faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,,
- tá córais ann chun sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear laigí rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, in am trátha. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus aon easnamh a aithnítear a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal a bhfuil an fhreagracht asbainistíocht airgeadais sannta dóibh, agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuairiscí airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Pleanála chun comhlíonadh ginearálta na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Le linn 2020, chomhlíon an Bord Pleanála na nósanna imeachta sin de ghnáth.

Aithnítear dhá réimse nár comhlíonadh na riachtanais soláthair go hiomlán iontu. Bhain siad seo le háiseanna cartlainne agus taifeadadh seirbhísí éisteachta ó bhéal. Tar éis chruinniú Ginearálta an Bhoird i mí Feabhra 2021, chinn an Bord go rachaidh an dá sheirbhís seo chun tairisceana sa ghearrthéarma. Ba é €155,952 an caiteachas iomlán ar an dá mhír seo in 2020.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Pleanála chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Bunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird Pleanála ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht in An Bord Pleanála atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur dhein an Bord athbhreithniú bliantúil ar an 25 Márta 2021 ar a éifeachtaí a bhí na rialuithe inmheánacha in 2020.

# Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh laigí sa rialú inmheánach maidir le 2020 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Níor athraíodh córais rialaithe inmheánaigh go suntasach le linn 2020 in ainneoin roinnt cur isteach ar ghnáthoibríochtaí gnó mar thoradh ar phaindéim Covid-19. D’ainmnigh an Rialtas an córas pleanála, lena n-áirítear an Bord Pleanála, mar sheirbhís riachtanach agus, de réir an ainmniúcháin sin, d’fhan oifigí an Bhoird Phleanála ar oscailt i with 2020 chun go bhféadfar leanúint le feidhmeanna pleanála reachtúla, lena n-áirítear rannpháirtíocht an phobail. Coinníodh an leanúnachas gnó ach i gcomhréir le riachtanais agus treoir uile an Rialtais láir agus na n-údarás sláinte. Sa chomhthéacs thuas, d’oibrigh baill foirne áirithe socrú hibrideach oifige / baile agus leanadh leis na príomhphrótacail agus nósanna imeachta airgeadais agus rialaithe inmheánacha eile a bhí ann i rith 2020.

Dá réir sin, tá an Bord sásta dá réir nár cuireadh isteach go suntasach ar chórais rialaithe inmheánaigh a bhí ann cheana in 2020 mar thoradh ar phaindéim Covid-19.



**Mr. Dave Walsh,**
Cathaoirleach
**Dáta:** 24ú Meitheamh 2021



# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchisti Coimeádta Ioncaim

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | 19,244,341 | 18,623,812 |
| Táillí | 3(a) | 1,742,649 | 1,457,219 |
| Táillí Tithíochta Straitéisí | 3(b) | 2,619,876 | 3,108,528 |
| Táillí Bonneagair Straitéisigh agus Aisíoc Costas | 4 | 2,415,954 | 1,822,413 |
| Glanchistiú Iarchurtha Pinsin | 7(c) | 2,861,149 | 3,384,445 |
| Ioncam ilghnéitheach | 5 | 6,829 | 11,911 |
| Ús ar Thaiscí | 5 | 125 | 123 |
| Brabús / (caillteanas) ar Shócmhainní Seasta a dhiúscairt | | 0 | 981 |
| **Ioncam Iomlán** | | **28,890,923** | **28,409,432** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Líúntais agus Aoisliúntas | 6 | 17,443,233 | 16,575,398 |
| Costais Bhunaíochta | 8 | 2,509,504 | 2,480,211 |
| Costais Oibriúcháin | 9 | 11,581,964 | 6,335,540 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **31,534,701** | **25,391,149** |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe** | | **(2,643,778)** | **3,018,283** |
| Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil | 11 | 105,037 | (241,543) |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain iar-Leithreasuithe** | | **(2,538,741)** | **2,776,740** |
| Iarmhéid a iompraíodh isteach ar 1 Eanáir | | 1,857,922 | (918,818) |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar 31 Nollaig** | | **(680,819)** | **1,857,922** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.
Thar ceann an Bhoird Pleanála:

**Mr. Dave Walsh,**
Cathaoirleach
**Dáta:** 24ú Meitheamh 2021

**Ms. Bríd Hill**
Príomhoifigeach
**Dáta:** 24ú Meitheamh 2021

# Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas / (Easnamh) tar éis leithreasuithe** | | **(2,538,741)** | **2,776,740** |
| Gnóthachain (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 7(d) | 496,000 | (2,464,000) |
| Athruithe ar na toimhdí is bonn do luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | | (12,521,000) | (14,023,000) |
| **Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain** | | **(12,025,000)** | **(16,487,000)** |
| Coigeartú ar chistiú na sochar scoir iarchurtha | | 12,025,000 | 16,487,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **(2,538,741)** | **2,776,740** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.
Thar ceann an Bhoird Pleanála:



**Mr. Dave Walsh,**
Cathaoirleach
**Dáta:** 24ú Meitheamh 2021



**Ms. Bríd Hill**
Plríomhoifigeach
**Dáta:** 24ú Meitheamh 2021

# Ráiteas ar an Staid Airegeadais

## Amhail ar an 31 Nollaig 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **Nóta** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 12 | 654,701 | 545,595 |
| Sócmhainní doláimhsithe — Tionscadal Plean-IT | 12 | 303,947 | 518,090 |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **958,648** | **1,063,685** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 1,216,733 | 850,238 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 8,081,330 | 8,306,012 |
| | | **9,298,063** | **9,156,250** |
| **Dliteanais Reatha** *(méideanna a dhlífear laistigh de bhliain)* | | | |
| Nithe Iníoctha | 14 | (9,978,882) | (7,298,328) |
| **Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | | **(680,819)** | **1,857,922** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 7(b) | (164,305,000) | (149,419,000) |
| Sócmhainn cistithe shochar scoir iarchurtha | | 164,305,000 | 149,419,000 |
| **Iomlán na nGlansócmhainní/(na nDliteanas)** | | **277,829** | **2,921,607** |
| **Ag ionadú do** | | | |
| Cuntas caipitil | 11 | 958,648 | 1,063,685 |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta | | (680,819) | 1,857,922 |
| | | **277,829** | **2,921,607** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.
Thar ceann an Bhoird Pleanála:

**Mr. Dave Walsh,**
Cathaoirleach
**Dáta:** 24ú Meitheamh 2021

**Ms. Bríd Hill**
Príomhoifigeach
**Dáta:** 24ú Meitheamh 2021

# Ráiteas ar na Sreafaí Airgid

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas an ioncaim ar an gcaiteachas | (2,538,741) | 2,776,740 |
| Gluaiseacht ar an gCuntas Caipitil | (105,037) | 241,543 |
| Dímheas agus lagú na sócmhainní seasta | 516,266 | 503,825 |
| (Méadú) ar nithe infhaighte | (366,495) | (186,573) |
| Méadú ar nithe iníoctha | 2,680,554 | 2,243,855 |
| Ús bainc faighte | (125) | (123) |
| **Glansreabhadh Airgid Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **186,422** | **5,579,267** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, innealra agus trealamh a cheannach | (411,229) | (745,368) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(411,229)** | **(745,368)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús bainc faighte | 125 | 123 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **125** | **123** |
| **Glanmhéadú / (Laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | **(224,682)** | **4,834,022** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 1 Eanáir | 8,306,012 | 3,471,990 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ag 31 Nollaig** | **8,081,330** | **8,306,012** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus beartais shuntasacha cuntasaíochta a ghlac an Bord Pleanála. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach ó cheann ceann na bliana agus sa bhliain roimhe.

### a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh An Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 agus tá oifig aige ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Is ar an mBord Pleanála atá an cúram as achomhairc agus gnóthaí áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2020 agus as iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, lena n-áirítear mórthógraí bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údaráis áitiúla agus údaráis eile faoi na hachtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna eile ag an mBord Pleanála chun achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta a chinneadh.

### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Phleanála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna n-eisiúint ag an Financial Reporting Council (FRC) sa RA.

### c) An Bonn Ullmhúchái

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear mar luacha córa, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach sa déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Phleanála.

### d) Deontas Oireachtais

Áirítear deontais Oireachtais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Vóta 34, Fo-mhírcheann D3) ar bhonn fáltais airgid ach amháin i gcás an deontais a cuireadh ar fáil go sonrach le haghaidh tionscadal Plean-IT (straitéis TFC) an Bhoird a áirítear mar mhír chaite (Nóta 2).

### e) Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fáltas airgid.

### f) Táillí

Is ionann seo agus táillí a íoctar leis an mBord i dtaca le hachomhairc, iarratais agus nithe eile a tharchuirtear chuig an mBord Pleanála lena gcinneadh faoi achtacháin éagsúla. Na táillí a íoctar iarbhír, socraítear iad faoi rialachán an Aire nó cinneann an Bord Pleanála iad le ceadú an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de réir na bhforálacha reachtúla seo a leanas:

- Alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe
- Alt 177M den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe.
- Ailt 7 agus 7A den Acht um Rialú Foirgníochta 1990, leasaithe.
- Ailt 6 agus 19 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977, arna leasú agus alt 103 den Acht Seirbhísí Uisce 2007.

Taispeántar ioncam ó tháillí glan ar aisíocaíochtaí, a dhéantar i gcás achomharc neamhbhailí, tarchuir agus eile.

## g) Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Na táillí a íoctar i leith iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, cinneann an Bord iad le ceadú an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de réir alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe).

Gearrann an Bord táille thosaigh sa raon ó €30,000 go €100,000 i dtaca le hiarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh. Áirítear na táillí sin ar bhonn fáltais airgid. Measúnaíonn an Bord costas cásanna aonair a mheasúnú agus d'fhéadfadh sé costais bhreise a lorg nó cuid den táille a aisíoc, de réir mar a bheadh. Áirítear aisghabháil costas breise agus aisíocaíochtaí táillí de réir mar a bhíonn siad dlite.

## h) Réadmhaoin, Innealra agus Trealamh

Tá réadmhaoin, innealra agus trealamh sonraithe ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar le haghaidh lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolré fhónta measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| (i) Foirgnimh léasacha | 10% sa bhliain |
| (ii) Athchóiriú ar fhoirgnimh | 10% sa bhliain |
| (iii) Daingneáin agus feisteas | 20% sa bhliain |
| (iv) Ríomhairí agus trealamh teicniúil | sa raon ó 20% go 33.33% sa bhliain |

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail is go raibh an tsócmhainn san aois agus sa riocht cheana féin a mbeadh súil leis ag deireadh a shaolré fhónta.

Má tá fianaise oibiachtúil ann de lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas ó lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus

Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

## i) Sócmhainní Doláimhsithe

Is é beartas an Bhoird Pleanála sócmhainní doláimhsithe a áireamh faoi alt 18 den FRS102. Tosaíonn amúchadh sócmhainní a luaithe a dhéantar an tsócmhainn a fhorbairt agus a úsáid:

| | |
|---|---|
| Tionscadal Plean-IT | 20% sa bhliain líne dhírí |

## j) Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus méid neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

## k) Sochair d'Fhostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear ar fhigiúr na Nithe Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sochair a charntar ag deireadh bliana.

## l) Sochair Scoir

(a) Oibríonn an Bord scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe trí mheán ceithre cinn de scéimeanna neamhspleácha, mar atá:

- Scéim Pinsin Fhoireann an Bhoird Phleanála 1986 go 2006,
- Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí Fhoireann an Bhoird Pleanála 1986
- Scéim Pinsin an Bhoird Pleanála (Cathaoirleach agus Comhaltaí) 1986 go 2009, agus
- Scéim Pinsin Ranníocach Chéilí agus Leanaí (Cathaoirleach agus Comhaltaí) an Bhoird Pleanála 1986 go 2002.

Déantar soláthar sna scéimeanna pinsin sin le sochair shainithe arna gceadú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi alt 119 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, chun sochair pinsin a íoc le agus maidir le fostaithe agus le comhaltaí an Bhoird..

Maoinítear na scéimeanna sin go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a chaitear' ó airgead atá ar fáil don Bhord Pleanála, lena n-áirítear airgead ón státchiste arna sholáthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na gcomhaltaí..

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuill comhaltaí agus baill foirne sa tréimhse, agus luaitear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a choimeádann an Bord Pleanála. Aithnítear méid is ionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is gur suim in-aisghafa é, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh deontas a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghafa ó Státchistí arna sholáthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is ionann dliteanais pinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú aoisliúntais iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheadh le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí as an Státchiste arna soláthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

(b) Anuas air sin, oibríonn an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Tá rialacha na Scéime Aonair leagtha amach san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## (m) Costais dlí

Is é beartas an Bhoird Pleanála go n-íocfar aon chostas dlíthiúil a dhámhtar ina choinne i

gcás iarratas faoi athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird Phleanála tar éis cásanna a bheith diúscartha sa Chúirt Uachtarach lena mbaineann.

Is é beartas an Bhoird Pleanála, leis, go n-íocfar aon chostas dlí a dhámhtar ina choinne tar éis cásanna a bheith diúscartha i gcomhréir le toradh na bpléití/na hidirbheartaíochta socraíochta nó costais bhreithnithe a chinn Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil go foirmiúil.

I gcásanna ina bhfuil sé indéanta, féachann an Bord lena chostais dhlíthiúla a aisghabháil i gcás caingne dlí ina ndámhann na Cúirteanna na costais sin (féach Nóta 16 (a)). Áirítear costais dlí aisghafa ar bhonn fáltais airgid agus glanluacháiltear iad mar tháillí ar chaiteachas dlí sa bhliain reatha. Mar sin, ní thaifeadtar méideanna dlí in-aisghafa sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Déanann an Bord Pleanála meastachán de na táillí dlí ar chásanna a chinn na Cúirteanna laistigh den bhliain airgeadais. Déantar soláthar i ráitis airgeadais an Bhoird do na costais mheasta dlí seo.

Táillí dlí i gcás cásanna nár chinn na Cúirteanna go fóill agus atá

- sonrasctha ag dlíodóirí an Bhoird sa bhliain airgeadais, gearrtar iad ar tháillí caiteachais dlí sa bhliain.
- tabhaithe ag an mBord ach gan a bheith sonrasctha ag dlíodóirí an Bhoird sa bhliain airgeadais – déantar iad seo a mheas agus déantar soláthar maidir leo i ráitis airgeadais an Bhoird.

Ina theannta sin, athbhreithnítear costais gan íoc agus díscríobhtar iad nuair a mheastar nach féidir iad a aisghabháil.

## (n) Léasaí Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas ar cíos faoi léasaí oibriúcháin sa Ráiteas Caiteachais agus Ioncaim agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an léasa.

## (o) Infháltais

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lúide aon lagú. Níl aon iasacht infhaighte le tomhas..

## (p) Airgead agus Coibhéisí Airgid

Is ionann an t-airgead tirim agus airgead tirim agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais is iníoctha gan pionós ar fhógra 24 uair an chloig ar a mhéad. Is ionann an t-airgead tirim agus airgead tirim agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais is iníoctha gan pionós ar fhógra 30 uair an chloig ar a mhéad.

## (q) Nithe Iníoctha

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lúide aon lagú. Níl aon dliteanas airgeadais eile, iasachtaí bainc san áireamh, le tomhas.

## (r) Beartas um airgeadra in úsáid

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, arb é airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamúla ina n-oibríonn an Bord Pleanála.

## (s) Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, is gá don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéánamh a dhéanann difear do na méideanna a tuairiscíodh d’fháltais agus do chostais i gcaitheamh na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir nach ionann na meastacháin sin agus na fáltais iarbhír. Seo a leanas na meastacháin is mó a raibh tionchar acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### (a) Soláthairtí

Déanann an Bord Pleanála meastachán den dlí is gá ag dáta an tuairiscithe airgeadais. Ba é €5,089,878 méid an tsoláthair seo a measadh ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais (Nóta 16 (c)).

### (b) Oibleagáidi Sochair Pinsin

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí taobh thiar de na luachálacha achtúireacha a mbíonn méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí báis agus treochtaí i gcostais sláinte ar fad ina measc) bunaithe ar staid reatha an gheilleagair, agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsean agus iarphinsin.

### Is féidir go mbeidh tionchar acu seo a leanas ar na toimhdí:

(i) An ráta lascaine, athruithe i ráta brabúis ar bhannaí corparáideacha d’ardchaighdeán.

(ii) Leibhéil chúitimh sa todhchaí, coinníollacha i margadh an tsaothair.

# 2. Deontais Oireachtais

Is éard atá sna Deontais Oireachtais a vótáiltear don Bhord Pleanála ó Vóta 34 - An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, mar a thaispeántar iad sna ráitis airgeadais:

| | Fomhírcheann | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Deontas do chaiteachas reatha | **D.3** | 18,331,000 | 18,088,000 |
| Deontas do chaiteachas caipitil – Plean-IT | **D.3** | 1,200,000 | 460,000 |
| Deontas caipitil fuílligh a iompraíodh isteach ón mbliain roimhe | | 0 | 75,812 |
| Deontas caipitil neamhúsáidte a cuireadh ar aghaidh go dtí an bhliain seo chugainn** | | (286,659) | 0 |
| | | **19,244,341** | **18,623,812** |

* Deontas Caipitil Iarchurtha neamhchaite in 2020 €286,659 (Nóta 14).

## 3 (a). oncam ó tháillí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí a fuarthas maidir le hachomhairc, cásanna tarchuir | 1,482,089 | 1,524,052 |
| Aisíocaíochtaí i ndáil le hachomhairc | (109,879) | (116,581) |
| | **1,372,210** | **1,407,471** |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí a fuarthas i ndáil le cásanna toilithe ionaid* | 412,346 | 48,050 |
| Aisíoc costas ó iarrthóirí maidir le cásanna toilithe ionaid | 2,350 | 1,698 |
| Aisíocaíochtaí a rinneadh le hiarratasóirí | (44,257) | 0 |
| | **370,439** | **49,748** |
| | **1,742,649** | **1,457,219** |

* Táillí ar iarratais ar thoiliú ionaid a fuarthas faoi alt 177M den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe.

## 3 (b). Táillí Tithíochta Straitéisí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí a fuarthas maidir leis an Acht um Thithíocht Straitéiseach* | 5,785,943 | 6,918,799 |
| Aisíocaíochtaí maidir le Tithíocht Straitéiseach* | (1,822,950) | (1,686,171) |
